Údarás Náisiúnta
Cáilíochtaí na hÉireann

National Qualifications
Authority of Ireland

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

2007
CUNTAIS BHLIANTÚLA

Athrú Mór ar Éirinn

Maoinithe ag Rialtas na hÉireann agus Páirtmhaoinithe ag
an Aontas Eorpach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch
31 Nollaig 2007

Doiciméad Uimhir 2008/10

© Cóipcheart: Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Arna fhoilsiú ag:
Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann
5ú Urlár, Teach Jervis, Sráid Jervis, Baile Átha Cliath 1

Deireadh Fómhair, 2008

Clár

	Lch
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	5
Ráitis Airgeadais 2007	7
Eolas faoin Údarás	8
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na Ráitis Airgeadais	9-10
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	11
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Údaráis	12
Ráiteas maidir leis na Beartais Chuntasaíochta	13
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	15
Ráiteas maidir le hIomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta	16
Clár Comhardaithe	17
Nótaí	18-23

Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Bliain thábhachtach ab ea 2007 d'Údarás na gCáilíochtaí. In 2007 choimisiúnaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, i gcomhar leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Athbhreithniú Cáilíochta ar Údarás na gCáilíochtaí. Mheas an t-athbhreithniú éifeachtacht obair Údarás na gCáilíochtaí, oiriúnacht struchtúir agus próisis na heagraíochta, agus a mhéad a ghéill Údarás na gCáilíochtaí do chaighdeáin Eorpacha um dhearbhú cáilíochta.

Go gairid i ndiaidh chríochnú an athbhreithnithe cáilíochta d'fhoilsigh an tÚdarás Plean Straitéiseach nua do na blianta 2008-2012 a leag amach bunchuspóir agus fís nua don Údarás agus don obair atá ar bun aige. Leag sé amach spriocanna agus cuspóirí nua agus fadréimsitheacha a fhéachann le dul i bhfeidhm go dearfach ar shochaí na hÉireann trí bhíthin chur i bhfeidhm Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí. I dteannta ár bpáirtithe leasmhara déanfaimid gach dícheall ár spriocanna agus ár gcuspóirí mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach a bhaint amach agus táimid ag tnúth lenár gcion a dhéanamh ar son athrú sochaíoch a chuirfidh riachtanais foghlaimeoirí i ngach cuid den earnáil oideachais agus oiliúna ag ceartlár chóras cáilíochtaí oscailte, freagrach agus comhtháite.

Tá áthas orm foilseachán seo na gCuntas Bliantúil 2007 a chur i láthair, a léiríonn an seachtú bliain oibríochta d'Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann. Tá Cuntais Bhliantúla 2007 curtha i láthair an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus faoi bhráid Thithe an Oireachtais ag an Údarás.

Is mise le meas,

Jim Murray
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Deireadh Fómhair 2008

www.nqai.ie
www.nfq.ie
www.qualificationsrecognition.ie
www.europass.ie
www.qualifaX.ie

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch
31 Nollaig 2007

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Eolas

Seoladh an Údaráis:	5ú Urlár á Teach Jervis Sráid Jervis Baile Átha Cliath 1	
Feidhmeannacht Shinsearach:	Seán Ó Foghlú Ms Claire Byrne An Dr. Anna Murphy An Dr. Jim Murray	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha agus Cumarsáide Stiúrthóir Taighde agus Forbairt Straitéiseach Stiúrthóir Cur Chun Feidhme an Chreatoibre agus Aithint Cáilíochtaí
Baill an Údaráis:	Mr. Paul Haran An Dr. Caroline Hussey Ms. Inez Bailey Mr. Mogens Berg An Dr. Sean Conlan Mr. Eamon Devoy Mr. Tony Donohoe Mr. Hamid Khodabakhshi An tOllamhAnne Moran Mr. Pat O`Callaghan Mr. Donal O`Rourke Mr. Martin Shanahan An tOllamh Seamus Smyth Mr. Seán Ó Foghlú	Cathaoirleach Leaschathaoirleach Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (March 2002 - July 2008)
Banc:	Banc-Aontas Éireann 126/128 Sráid Chéipil Baile Átha Cliath 1	
Dlíodóirí:	Brian Whitaker & Co Solicitors 17 Cearnóg Mhic Liam Baile Átha Cliath 2	
Iniúchóirí:	An tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas Caisleán Bhaile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2	
Láithreán Gréasáin:	www.nqai.ie	

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoi Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Achta na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Údaráis leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Údaráis.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do no nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údaráis, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Údaráis ag 31 Nollaig 2007 agus ar a hioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth

Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2008

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ráiteas Maidir Le Rialú Inmheánach Airgeadais

1. Thar ceann Bhord Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann admhaím an cúram atá orainn a chinntiú do gcothabháltar agus go n-oibrítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

2. Ní bhíonn ar chumas aon chórais um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú amach is amach a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go leigheasfaí iad go tráthúil.

3. ### Príomhghnáthaimh Rialaithe

Cuireadh na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm agus tá siad ceaptha le rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar:

i. Cinntítear timpeallacht chuí rialaithe trí fhreagrachtaí bainistíochta atá sainithe go soiléir a thabhairt isteach lena n-áirítear frithghníomh maidir le agus monatóireacht ar theipeanna rialaithe.

ii. Tá próiseas foirmeálta curtha i bhfeidhm chun rioscaí gnó eagraíochtúla a aithint agus a mheas.

iii. Tá córas cuimsitheach pleanála agus buiséadaithe i bhfeidhm agus athbhreithnítear treochtaí caiteachais ó mhí go mí.

iv. Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun dul i ngleic le himpleachtaí airgeadais rioscaí gnó agus orthu sin tá treoracha airgeadais agus nótaí maidir le nósanna imeachta, cleachtais tharmligthe ar nós teorainneacha údarácháin agus leithscaradh dualgas.

v. Ar an nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais inmheánaithe rialaithe airgeadias tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí a oibreoidh de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit agus a thuairisceoidh don Choiste Iniúchórieachta.

4. Deimhním don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 go ndearna an Bord athbheithniú ar éifeacht airgeadais an chórais rialú inmheánach airgeadais.

Thar ceann an Údaráis

Paul Haran
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2008

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ráiteas Maidir Le Freagrachtaí An Bhoird

Bunaíodh Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí an 26ú Feabhra 2001, ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta, faoi Alt 5 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999.

Is iad feidhmeanna Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí gach atá riachtanach nó fóirsteanach a dhéanamh de réir an Acht chun cuspóirí an Údaráis a chur chun cinn.

Is iad seo a leanas cuspóirí an Achta:

(a) creat a bhunú agus a chothabháil, ar creat é chun cáilíochtaí a fhorbairt, a aithint agus a dhámhachtain sa Stát agus a bheidh bunaithe ar chaighdeáin eolais, scile nó inniúlachta a bheidh le baint amach ag foghlaimeoirí.
(b) caighdeáin a bhunú maidir le dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna, agus dámhachtainí ardoideachais agus oiliúna, Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna, Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus ollscoileanna arna mbunú faoi alt 9 d'Acht 1997, agus cothabháil agus feabhsú na gcaighdeán sin a chur chun cinn.
(c) Rochtain, aistriú agus forchéimniú a chur chun cinn agus a éascú.

Ceanglaíonn Alt 57 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999 ar Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann ráitis airgeadais a réiteach, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Oideachais agus Eolaíochta tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.

Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- ráitis airgeadais a ulllmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach sa chás gur neamhchuí a bheith ag súil go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú.
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá cúram ar an Údarás maidir le coimeád leabhair chuí cuntais a nochtann go réasúnta cruinn ag am ar bith a staid airgeadais agus a chumasaíonn dó a chinntiú go ngéilleann na ráitis airgeadais d'alt 57 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999. Tá cúram ar an Údarás chomh maith maidir le cosaint a shócmhainní agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Paul Haran
Cathaoirleach

Seán Ó Foghlú
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

30 Meitheamh 2008

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ráiteas Na mBeartas Cuntasaíochta

Bonn Ullmhúcháin

Réitíodh na ráitis airgeadais de réir an mhodh fabhraithe cuntasaíochta, ach mar a thugtar le fios thíos agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta acu faoin gcoinbhinsiún stairiúil costais. Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Airgeadais agus Eolaíochta le comhthoiliú an Aire Airgeadais.

Tréimhse Chuntasaíochta

Is í an bhliain go 31ú Nollaig 2007 atá clúdaithe sna ráitis airgeadais.

Deontas Stáit

Is ionann ioncam a léirítear sna ráitis airgeadais faoi Dheontais Stáit agus na fáltais iarbhír sa tréimhse.

Deontais le Comhairlí Dámhachtana

Is ionann ioncam a léirítear sna ráitis airgeadais faoi Dheontais Comhairlí Dámhachtana agus na híocaíochtaí iarbhír sa tréimhse.

Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear Sócmhainní Seasta ag a gcostas nó luacháil stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear dímheas chun dochair don chuntas ioncaim agus caiteachais, ar bhonn líne dhírí, ag an rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní, coigeartaithe do luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar a dtréimhse ionchais saoil, mar seo a leanas:.

Foirgnimh Léasacha	Os cionn téarma léasa de 25 bliain
Trealamh Ríomhaireachta	33.33%
Trealamh Oifige	20%
Troscán Oifige	10%
Daingneáin agus Feistis	10%

Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun críocha caipitil.

Airgeadraí Eachtrannacha

.Aistrítear idirbheart a ainmnítear in airgeadraí eachtrannacha go euro agus taifeadtar iad ag an ráta malartaithe atá i réim ag dáta na hidirbheartaíochta.

Aistrítear sócmhainní airgid agus dliteanais a ainmnítear in airgeadraí eachtrannacha go euro ag an rátaí malartaithe atá i réim ag an gclár comhardaithe nó ag rátaí conartha réamhcheannacháin i gcás go bhfuil conarthaí mar sin ann.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Pinsin

Oibríonn an tÚdarás scéim phinsin shochair shonraithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail foirne.

Léiríonn costais pinsin sochair pinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin na foirne. Aithnítear méid is ionann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inaisghabhála, agus go seach-chuirtear é ag deontais a fuarthas i gcaitheamh na bliana chun íocaíochtaí pinsin a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ag éirí as dliteanais scéime i Ráiteas na nGóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inaisghabhála ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Léiríonn dliteanais pinsin luach láithreach íocaíochtaí pinsin na todhchaí atá tuillte ag fostaithe go nuige seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn comhfhreagrach a bheidh le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Cuntas Ioncaim Agus Caiteachais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007

	Nóta	2007 €	2006 €
Ioncam			
Deontas Stáit	1	12,527,472	10,972,405
Ioncam ó Europass Náisiúnta	2	59,938	59,864
Maoiniú glan iarchurtha le haghaidh pinsean	17(b)	160,000	260,000
Ús taisce		2,999	483
		12,750,409	11,292,752
Aistriú (chuig)ó Chuntas Caipitil	10	69,351	92,882
		12,819,760	11,385,634
Caiteachas			
Deontais le Comhairlí Dámhachtana	3	10,239,320	8,925,000
Costais Foirne	4	1,237,603	1,100,140
Áitreabh	5	313,245	336,949
Riaracháin agus Seirbhísí Lárnacha	6	549,860	1,190,712
Costais Pinsin	17(c)	278,890	217,591
		12,618,918	11,770,392
Barrachas/(easnamh) don bhliain		**200,842**	**(384,758)**
Barrachas carntha / (easnamh) ag 1 Eanáir		(252,076)	132,682
(Easnamh) carntha ag 31 Nollaig		**(51,234)**	**(252,076)**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-19.

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Paul Haran
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2008

Seán Ó Foghlú
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
30 Meitheamh 2008

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ráiteas na nGnóthachan Agus na gCaillteanas Iomlán Iarbhír Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007

	Nóta	2007 €	2006 €
Barrachas/ (easnamh) don bhliain		**200,842**	**(384,758)**
Caillteanais/(gnóthachain) iarbhír ar an scéim phinsin		60,000	(40,000)
Athruithe i mbonn tuisceana faoi luach reatha dhliteanais na scéime pinsin		-	-
Caillteanais/(gnóthachain) iarbhír ar dhliteanais na scéime pinsin	17	60,000	(40,000)
Coigeartú go maoiniú iinsin iarchurtha		(60,000)	40,000
Gnóthachan / (caillteanas) iomlán aitheanta		**200,842**	**(384,758)**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad ar Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-19.

Paul Haran
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2008

Seán Ó Foghlú
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
30 Meitheamh 2008

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Clár Comhardaithe Amhail Ar An 31 Nollaig 2007

	Nóta	2007 €	2006 €
Sócmhainní Seasta	7	**496,085**	**565,436**
Sócmhainní Reatha			
Feichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	8	28,682	30,288
Airgead ar láimh agus sa bhanc		42,106	91,890
		70,788	122,178
Dliteanais Reatha			
Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin			
Feichiúnaithe agus fabhrú	9	122,022	374,254
Glandliteanais Reatha		(51,234)	(252,076)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha roimh phinsin		444,851	313,360
Maoiniú pinsin iarchurtha	17(d)	1,900,000	1,800,000
Dliteanais phinsin	17(e)	(1,900,000)	(1,800,000)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		**444,851**	**313,360**
Arna Léiriú Ag:			
An Cuntas Caipitil	10	496,085	565,436
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		(51,234)	(252,076)
		444,851	**313,360**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-19.

Paul Haran
Cathaoirleach

30 Meitheamh 2008

Seán Ó Foghlú
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

30 Meitheamh 2008

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Nótaí Um Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007

		2007	2006
1	**Deontas Stáit**	**€**	**€**
	Deontas i leith Riaracháin	2,288,152	2,047,405
	Deontas don Chomhairle Dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna	7,766,273	6,525,000
	Deontas don Chomhairle Dámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna	2,473,047	2,400,000
		12,527,472	**10,972,405**

Maoiníonn Ciste Sóisialta na hEorpa suas le 50% den chaiteachas ón Deontas Stáit.

2 An tIonad Náisiúnta Europass

Tionscnamh de chuid an AE is ea Europass a fhéachann le cabhrú le daoine a gcuid scileanna agus cáilíochtaí a dhéanamh níos sothuigthe san Eoraip agus gluaisteacht foghlaimeoirí agus oibrithe a éascú ar an gcaoi sin. Bunaíodh gréasán d'Ionaid Náisiúnta Europass ar fud na hEorpa chun an tionscnamh a chomnhordú. IN Éirinn, is é Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí an tIonad Náisiúnta Europass ainmnithe. Sa bhliain 2007, ba é €120,000 iomlán na gcostas measta a cháiligh le haghaidh maoiniú AE. Le comhaontú, íocann an AE 50% de na costais mheasta iomlána. B'ionann agus €118,675 an caiteachas faoi Nótaí 4, 5 agus 6 maidir le Europass agus mhaoinigh an AE €59,938 de sin.

3	**Deontais na gComhairlí Dámhachtana**		
	An Chomhairle Dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna	7,766,273	6,525,000
	An Chomhairle Dámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna	2,473,047	2,400,000
		10,239,320	**8,925,000**

De réir Alt 11 (1) d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999 soláthraíonn an tOireachtas deontas gach bliain don Údarás. De réir Alt 11 (2) den Acht, féadfaidh an tÚdarás i ngach bliain deontas nó deontais a íoc leis an gComhairle Dámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna agus leis an gComhairle Dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna as airgead a fhaigtear faoi Alt 11 (1) agus de réir Alt 11 (3) déantar íocaíochtaí leis na Comhairlí Dámhachtainí ar an modh agus faoi réir na gcoinníollacha a mheasann an tÚdarás a bheith cuí.

4	**Costais foirne**		
	Tuarastail agus pá	1,183,408	1,035,906
	Taisteal agus cothabháil	51,796	63,387
	Costais earcaíochta	2,399	847
		1,237,603	**1,100,140**
5	**Áitreabh**		
	Deisiúcháin agus cothabháil	-	14,855
	Cíos agus rátaí	219,218	219,313
	Táillí seirbhíse	17,465	24,531
	Árachas	3,190	4,861
	Slándáil	1,279	1,153
	Glantachán	10,155	9,343
	Solas agus teas	10,708	11,663
	Dímheas	51,230	51,230
		313,245	**336,949**
6	**Riaracháin agus Seirbhísí Lárnacha**		
	Teileafón agus postas	33,068	41,851
	Cuntasaíocht	31,851	31,906
	Táillí bainc	1,032	1,477
	Teicneolaíocht na faisnéise	84,496	110,208
	Forás foirne	15,305	36,336
	Táillí iniúchóireachta	8,250	7,200
	Fógraíocht	62,492	351,027
	Stáiseanóireacht	12,262	25,659
	Nuachtáin agus leabhair	5,081	4,604
	Síntiúis	8,743	5,040
	Soláthairtí ginearálta oifige	2,436	7,880
	Cothabháil ghinearálta	15,624	16,621
	Costais chruinnithe	49,191	21,883
	Táillí dlí	3,146	4,265
	Táillí comhairliúcháin	8,451	16,372
	Ilghnéitheach	9,660	6,822

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Nótaí um na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2007

	2007 €	2006 €
Foilseacháin	80,898	202,092
Ballraíocht ghairmiúil	6,024	7,156
Costais seimineáir	82,063	160,460
Táilli taighde agus suirbhé	-	58,781
Iniúchóireacht inmheánach	2,181	22,499
Dímheas	27,606	50,573
	549,860	**1,190,712**

7 Sócmhainní Seasta	Maoin ar Léas €	Troscán Oifige €	Trealamh Oifige €	Trealamh TE €	Iomlán
Costas					
Ag 1ú Eanáir 2007	673,546	229,291	86,332	121,189	1,110,358
Breiseanna	-	-	4,650	4,835	9,485
Diúscairtí	-	-	-	-	-
Ag 31ú Nollaig 2007	**673,546**	**229,291**	**90,982**	**126,024**	**1,119,843**
Dímheas					
Ag 1ú Eanáir 2007	243,083	104,069	83,257	114,513	544,922
Barrachas don bhliain	51,230	22,929	1,545	3,132	78,836
Ag 31ú Nollaig 2007	**673,546**	**229,291**	**90,982**	**126,024**	**1,119,843**
Glanluach na Leabhar					
NBV Ag 31ú Nollaig 2007	**379,233**	**102,293**	**6,180**	**8,379**	**496,085**
NBV Ag 31ú Nollaig 2007	**430,463**	**125,222**	**3,075**	**6,676**	**565,436**

8 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	2007 €	2006 €
Réamhíocaíochtaí	28,682	19,044
Infhaighteachtaí eile	-	11,244
	28,682	**30,288**

9 Creidiúnaithe agus Fabhruithe		
Creidiúnaithe gnó	10,195	292,734
Fabhruithe	86,741	42,083
ÍMAT/ÁSPC	18,195	16,522
Cáin siarchoiméadta seirbhísí gairmiúla	4,373	18,830
Creidiúnaithe eile	2,518	4,085
	122,022	**374,254**

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Nótaí Um Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007

	2007 €	2006 €
10 Cuntas Caipitil		
Iarmhéid ar 1 Eanáir	565,436	658,318
Leithdháileadh ón deontas athfhillteach stáit	9,485	8,921
	574,921	**667,239**
Scaoileadh go hioncam		
Amúchadh de réir dímheas sócmhainní	(78,836)	(101,803)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	**496,085**	**565,436**

11 Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ag 31 Nollaig 2007.

12 Léas Oibriúcháin

Tá comhaontú tionóntacha 25 bliain ag an Údarás ó 5 Nollaig 2002 maidir le léas na cóiríochta oifige i dTeach Jervis. Is é €219,217 costas bliantúil an léasa le hathbhreithniú cíosa cúig bliana.

13 Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dhliteanas teagmhasach ann amhail ag 31 Nollaig 2007.

14 Cáin Chorparáide

Níl cáin chorparáide dlite ar an Údarás.

15 Baill an Údaráis – Nochtadh Idirbhearta

Ghlac an tÚdarás nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i dtaca le nochtadh leasa ag comhaltaí an Údaráis agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo. Ní raibh aon idirbheart ann sa bhliain i dtaca le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas tairbheach ag comhaltaí an Údaráis.

16 Imeachtaí Tábhachtach ó Dheireadh na Bliana

Ní raibh aon ócáid shuntasach a chuaigh i bhfeidhm ar an Údarás ó dheireadh bliana.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Nótaí Um Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007

17 Costais Phinsin

a. Scéim Phinsin

Oibríonn an tÚdarás scéim shochair shainithe atá neamh-mhaoinithe.

Bhí an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtaithe FRS 17 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach ó achtúire cáilithe neamhspleách chun cuntas a thógáil de riachtanais FRS 17 chun dliteanais na scéime a mheasúnú ag 31 Nollaig 2007.

Is iad na boinn thuisceana airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime a ríomh faoi FRS 17 ná

	2007	2006
	€	€
Ráta lascaine	5.5%	5.5%
Bonn tuisceana faoi méadú ar thuarastail	4.0%	4.0%
Bonn tuisceana faoi mhéadú ar phinsin	4.0%	4.0%
Boilsciú praghais	2.0%	2.0%

b. Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa bhliain

	2007	2006
	€	€
Maoiniú infhaighte maidir le costais phinsin sa bhliain reatha	290,000	260,000
Deontas Stáit leithdháilte chun pinsinéirí a íoc	(130,000)	-
	160,000	**260,000**

c. Anailís ar Iomlán na gCostas Pinsin muirearaithe do Chaiteachas

	2007	2006
	€	€
Costas seirbhíse reatha	190,000	180,000
Ús ar dhliteanais na Scéime Pinsin	100,000	80,000
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe	(11,110)	(42,409)
	278,890	**217,591**

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Nótaí Um Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007

17 Costais Phinsin

d. Sócmhainn Iarchurtha Maoinithe le haghaidh Pinsean

Aithníonn an tÚdaráis méideanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí san am atá caite. Ar na himeachtaí seo tá tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas maidir le maoiniú pinsean seirbhíse poiblí lena n-áirítear próiseas na meastachán bliantúla. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmealta ann agus mar sin níl aon rathaíocht ann maidir leis na méideanna sonracha seo leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh chun freastal go forchéimnitheach don méid seo de réir an chleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean amhail ar an 31 Nollaig 2007 agus €1,900,000. (2006: €1,800,000)

e. Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais

	2007 €	2006 €
Glandliteanas pinsin amhail ar an 1ú Eanáir	1,800,000	1,500,000
Costas seirbhíse reatha	190,000	180,000
Costais úis	100,000	80,000
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	(60,000)	40,000
Pinsin íoctha sa bhliain	(130,000)	-
Glandliteanas pinsin amhail ar an 31ú Nollaig	1,900,000	1,800,000

f. Stair na nGnóthachan agus na gCaillteanas Iarbhír

	2007 €	2006 €
Caillteanais/(gnóthachain) iarbhír ar dhliteanais na scéime		
Méid (€)	(60,000)	40,000
Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	(2%)	2%
An t-iomlán aitheanta i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán		
Méid (€)	(60,000)	40,000
Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	(3%)	2%

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Nótaí Um Na Ráitis Airgeadais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2007

18 Meánlíon na bhfostaithe

Ba é 15 meánlíon na bhfostaithe le linn na bliana (2006: 15).

19 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na ráitis airgeadais ag a chruinniú den.

Nóta